

GA

GA

GA



COIMISIÚN NA gCOMHPHOBAL EORPACH

An Bhruiséil, 4.12.2008
COIM(2008) 816 leagan deireanach

2008/0246 (COD)

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú

{SEC(2008) 2950}
{SEC(2008) 2951}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. CÚLRA AN TOGRA

1.1. Forais agus cuspóirí

Seoladh an próiseas ina ndéantar an margadh a oscailt chun paisinéirí a iompar ar muir i 1986 agus rinneadh é a chomhdhlúthú i 1992 nuair a osclaíodh margaí iompair mhuirí idir na Ballstáit. Níl oscailt margaidh curtha i gcrích, áfach, go dtí gur féidir le tomhaltóirí, agus ní amháin cuideachtaí, na tairbhí uasta a bhaint as. Tá cearta éifeachtúla tomhaltóirí riachtanach chun a áirithiú go dtugann léirscaoileadh roghanna dáiríre agus muinín do thomhaltóirí aistriú idir modhanna iompair má theastaíonn uathu a leithéid a dhéanamh.

Sa Pháipéar Bán 'Beartas iompair Eorpach do 2010: tá sé in am cinneadh a dhéanamh' (*European transport policy for 2010: time to decide*)¹ bheartaigh an Coimisiún Eorpach go mbunófaí cearta paisinéirí i ngach modh iompair agus mar sin go gcuirfí úsáideoirí i gcróilár an bheartais iompair. Tarraingíodh aird níos mó ar an ngá le gníomh maidir leis seo sa Teachtaireacht an 16 Feabhra 2005² ar chearta paisinéirí a threisiú laistigh den Aontas Eorpach inar chuir an Coimisiún cur chuige beartais i láthair ar an tslí is fearr chun bearta cosanta paisinéirí a shíneadh chuig na modhanna iompair go léir. Sa Teachtaireacht sin d'aithin an Coimisiún cheana féin na cearta ba chóir a neartú le beart Comhphobail, is cuma cén modh iompair atá i gceist.

Bíonn comhshraith prionsabal a bhaineann leis na modhanna iompair uile ag teastáil ó phaisinéirí, i dtreo agus gur féidir leo a bheith níos feasaí faoina gcearta má tharlaíonn rud éigin mícheart ar a dturas, cibé modh iompair atá i gceist.

Maidir le hiompar muirí d'aithin an Coimisiún Eorpach na cearta seo a leanas ba chóir a neartú: 1) bearta ar leith i bhfabhar daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; 2) réitigh uathoibríocha agus láithreacha nuair a chuirtear isteach ar thaisteal (moilleanna fada, cealuithe nó diúltú iompair; 3) oibleagáidí faisnéise paisinéirí, agus; 4) an tslí a láimhseáiltear gearáin agus a cheartaítear iad.

Tá togra ann cheana féin ón gCoimisiún le haghaidh Rialacháin maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí ar muir agus ar uiscebhealaí intíre i gcás tionóiscí³.

1.2. Iompar Muirí

Is tíortha cósta iad dhá thír is fiche as 27 Ballstát an Aontais Eorpaigh. Is oileáin iad ceithre cinn den 22 Ballstát sin (an Ríocht Aontaithe, Éire, Málta, an Chipir) agus tá oileánraí nó oileáin mhóra ag ocht gcinn eile acu (an Phortaingéil, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Ghréig, an Danmhairg, an tSualainn agus an Fhionlainn) ar a bhfuil daonraí móra. Go minic sna hoileánraí agus sna réigiúin fhorimeallacha agus is faide amach den Aontas Eorpach, áit a bhfuil dlúth-thrácht muirí riachtanach dá lánpháirtiú i saol sóisialta agus eacnamaíoch an Aontais Eorpaigh, ní bhíonn aon mhodh iompair eile acu.

Le tríocha bliain anuas, tá borradh tagtha ar shoghluaisteacht san Eoraip. I gcás na mílte saoránach, is cuid den saol é an taisteal, agus tá soghluaisteacht riachtanach. Tá an feiniméan

¹ COIM(2001) 370, 12.9.2001.

² COIM(2005) 46.

³ Chuir an Coimisiún togra ar aghaidh cheana féin in 2005 le haghaidh Rialacháin maidir le dliteanas i gcás báis nó gortú, atá os comhair na Comhairle agus Pharlaimint na hEorpa faoi láthair: Togra le haghaidh Rialacháin, ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le dliteanas iompróirí paisinéirí ar muir nó ar uiscebhealaí intíre i gcás tionóiscí - COIM(2005) 592.

seo tagtha chun cinn toisc mórán fachtóirí, ach thar aon ní eile toisc fás eacnamaíoch, cur i gcrích an mhargaidh inmheánaigh, costais taistil níos ísle agus dul chun cinn i dtreo "limistéar gan teorainneacha inmheánacha" san Eoraip⁴. Mar thoradh díreach ar an bhforbairt seo, chuaigh 398 milliún duine trí chalafoirt an Aontais Eorpaigh in 2006⁵.

Léirítear an tábhacht a bhaineann le paisinéirí muirí a iompar chomh maith sa líon oibreoirí atá i gceist. Tá beagnach 300 oibreoir ar mhargaí farantóireachta agus róró (rolladh ann/rolladh as) na hEorpa, agus tá thart ar 800 calafort paisinéirí san Eoraip. Tá iompar paisinéirí muirí leata amach go cothrom ar fud na hEorpa, le beagnach an líon céanna bealaí ag iompar breis is aon mhilliún paisinéir in aghaidh na bliana i ngach ceann de thrí chrios cósta an Aontais Eorpaigh (Muir Bhailt, an Mhuir Thuaidh, agus an Mheánmhuir).

1.3. Saincheisteanna pléite

Is é aidhm an togra seo cearta paisinéirí muirí intíre agus idirnáisiúnta a bhunú, iad siúd atá faoi mhíchumas nó a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe san áireamh, chun tarraingteacht an iompair mhuirí agus an muinín atá ag daoine as a fheabhsú, chomh maith le deis chothrom a bhaint amach d'iompróirí ó Bhallstáit dhifriúla agus do mhodhanna iompair eile. Go bunúsach, leagann an togra síos forálacha maidir leis na nithe seo a leanas:

- Inrochtaine, neamh-idirdhealú agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe;
- Oibleagáidí d'iompróirí nuair a chuirtear isteach ar thaisteal i gcás cealú nó moille;
- Oibleagáid chun a gcearta a chur in iúl do phaisinéirí atá ag taisteal ar muir nó ar uiscebhealaí intíre;
- Láimhseáil gearán;
- Rialacha ginearálta forfheidhmithe.

2. RAON FEIDHME DON CHUR I bhFEIDHM

Clúdaíonn an togra seo seirbhísí intíre agus idirnáisiúnta ar muir agus ar uiscebhealaí intíre do phaisinéirí tráchtála. Is é an aidhm atá leis íosrialacha a bhunú maidir le faisnéis do na paisinéirí muirí uile roimh a dturas agus lena linn, ag plé le saincheisteanna i dtaca le cur isteach ar thurais, rialacha ar gá cloí leo i gcás moilleanna, láimhseáil gearán agus cúnamh a thabhairt do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Maidir le díospóidí a réiteach, déanann an togra seo le haghaidh Rialacháin foráil chun comhlachtaí neamhspleácha a bhunú.

Tá an creat dlíthiúil reatha a rialaíonn an earnáil iompair mhuirí roinnte sna catagóirí seo a leanas: coinbhinsiúin idirnáisiúnta; reachtaíocht Eorpach (agus forfheidhmiú ina dhiaidh sin sa dlí náisiúnta); reachtaíocht náisiúnta; agus comhaontuithe deonacha.

Go ginearálta, díríonn an reachtaíocht idirnáisiúnta agus Eorpach atá i ngníomh go formhór ar shaincheisteanna sábháilteachta.

Faightear an phríomhthagairt do theagmhais thromchúiseacha sa Treoir um thurais láneagraithe⁶; cé nach léiríonn sé seo dearcadh iomlán comhchuibhithe: féadann cosaint

⁴ Airteagal 2 den Chonradh ar an Aontas Eorpach.

⁵ Foinse: Eurostat. Toisc comhaireamh dubailte is ionann é seo agus thart ar 199 milliún paisinéir muirí.

⁶ Treoir 90/314/CEE: Rialachán maidir le taisteal láneagraithe, saoire láneagraithe agus turais láneagraithe (IO L 158, 23.6.1990, lch. 59).

dhifriúil a bheith i gceist le cásanna ina gcaitear go míchothrom le paisinéirí éagsúla a raibh baint acu leis an gcineál céanna teagmhais.

Treoir 2003/24, lena leasaítear Treoir 98/18/CE maidir le rialacha sábháilteachta agus caighdeáin le haghaidh long paisinéirí atá i mbun turas intíre,⁷ ina n-áirítear ceanglais shainiúla do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, go háirithe rochtain ar an long, comharthaí, córais athchraolta teachtaireachtaí, aláraim agus ceanglais bhreise, a ceapadh chun soghluaisteacht ar bord loinge a áirithiú. Rinneadh an tsaincheist maidir le hinrochtaine long nua do sheirbhísí idirnáisiúnta a rialáil le Moladh na hEagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta maidir le Dearadh agus Oibriú Long Paisinéirí ar mhaithe le Freagairt ar Riachtanais Daoine Scothaosta agus Daoine Faoi Mhíchumas⁸.

Maidir leis an reachtaíocht náisiúnta, i roinnt Ballstát den AE, tá rialacháin shainiúla ann a bhaineann le cearta daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe san earnáil iompair agus go háirithe san earnáil mhuirí. Is údarás poiblí a riarann na rialacha seo go formhór agus, go méid áirithe, clúdaíonn siad rochtain daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar iompar muirí. Ní léir cé chomh fada agus a thugann na rialacháin seo an ceart do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe rochtain a éileamh ar iompar muirí agus cúnamh más gá.

Ní dhéantar seirbhísí iompair mhuirí intíre agus idirnáisiúnta eile a rialú ach ar leibhéal náisiúnta amháin áfach, i gcás roinnt ábhar amhail neamh-idirdhealú, cúnamh, faisnéis agus inrochtaine ar chalafoirt. Tugann dlíthe na mBallstát réitigh dhifriúla do phaisinéirí agus leibhéal éagsúil cosanta chomh maith. Tá difríocht shuntasach idir an cúnamh a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas ó Bhallstát amháin go Ballstát eile.

Cuireann an togra seo le cearta tomhaltóirí trí thrédhearcacht ó thaobh praghsanna de agus neamh-idirdhealú a chur chun cinn sa réimse taraifí ar fhorais náisiúntachta nó cónaithe. Leagann sé síos an prionsabal ginearálta maidir le cosc a chur ar dhiúltú daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar. Cuirtear cosc ar an gcatagóir paisinéirí seo taisteal ar long go minic toisc nach bhfuil rochtain ar na seirbhísí seo agus toisc go dteipeann ar chuideachtaí loingseoireachta an cúnamh is gá a thairiscint. Tá cosc iomlán ar idirdhealú ar bith a dhéanamh ar fhorais mhíchumais nó soghluaisteachta laghdaithe maidir le turas a chur in áirithe nó dul ar bord loinge.

3. COMHCHUIBHEAS LE BEARTAIS AGUS CUSPÓIRÍ EILE AN AE

Cabhróidh an togra le haghaidh Rialacháin chun cuspóirí an Chonartha a bhaint amach trí leibhéal feabhsaithe cosanta tomhaltóirí a áirithiú, ag dul i ngleic le hidirdhealú agus eisiamh sóisialta i leith daoine faoi mhíchumas agus ag ligean do shaoránaigh Eorpacha tairbhe iomlán a bhaint as na deiseanna a chruthaíonn an margadh inmheánach.

Léiríonn bunú agus neartú breise ar chearta paisinéirí an tosaíocht ard a thugann Conradh Amstardam do chosaint tomhaltóirí. Ina Theachttaireacht 'Straitéis um Beartas Tomhaltóirí an AE 2007-2013 Tomhaltóirí a chumasú, a leas a fheabhsú, iad a chosaint go héifeachtúil' (*EU Consumer Policy Strategy 2007-2013 Empowering consumers, enhancing their welfare, effectively protecting them*)⁹, dearbhaíonn an Coimisiún gurb é ceann dá thosaíochtaí tomhaltóirí a chur i gcroílár bheartais AE eile. Tugann an Chumarsáid faoi deara go ndearnadh dul chun cinn ó thaobh leas tomhaltóirí a lánpháirtiú, *inter alia*, i gcúrsaí

⁷ Treoir 2003/24/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Aibreán 2003 lena leasaítear Treoir 98/18/CE ón gComhairle maidir le rialacha sábháilteachta agus caighdeáin le haghaidh long paisinéirí (IO L 123, 17.5.2003, lch. 18).

⁸ IMO MSC /Ciorc.735.

⁹ COIM(2007) 99.

aeriompair. Is í an aidhm don todhchaí cur leis an méid atá bainte amach go dtí seo d'fhonn lánpháirtiú leas tomhaltóirí a dhéanamh níos córasaí. Dá bhrí sin, tá na cearta paisinéirí a forbraíodh san earnáil eitleóchta á shíneadh ag an gCoimisiún chuig modhanna iompair eile, go háirithe maidir le paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Tá an togra maidir le cearta paisinéirí i seirbhísí iompair mhuirí i gcomhréir leis na cuspóirí chun dul i ngleic le heisiámh sóisialta, de bhrí go mbunaíonn sé an prionsabal a bhaineann le neamh-idirdhealú agus cúnamh do dhaoine faoi mhíchumas. Tá an togra i gcomhréir freisin le hAirteagal 21 den Chairt um Chearta Bunúsacha, a leagann amach prionsabal ginearálta maidir le cosc ar idirdhealú ar bith bunaithe ar fhoras ar bith amhail inscne, cine, dath, bunús eitneach nó sóisialta, gné ghéiniteach, teanga, creideamh nó reiligiún, dearcadh polaitiúil nó eile, ballraíocht de mhionlach náisiúnta, maoín, breith, míchumas, aois nó claonadh gnéasach. Tá baint aige freisin le hAirteagal 13 de Chonradh CE, a chuireann ar chumas an Chomhphobail dul i ngleic le hidirdhealú i réimsí inniúlachta an Chomhphobail. Tá an togra i gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas chomh maith, arna shíniú ag na Ballstáit go léir agus ag an gComhphobal Eorpach.

Forálann Airteagal 12 de Chonradh CE go bhfuil cosc iomlán ar idirdhealú ar bith ar fhorais náisiúntachta. Dá bhrí sin, san earnáil mhuirí chomh maith, agus gan dochar d'oibleagáidí na seirbhíse poiblí ina bhfuil gá le taraifí sóisialta, tairgfear coinníollacha conartha agus taraifí arna gcur i bhfeidhm ag iompróirí nó díoltóirí ticéad eile leis an bpobal i gcoitinne gan idirdhealú ar bith bunaithe ar fhorais náisiúntachta nó áit chónaithe an chustaiméara deiridh nó ar áit bhunaíochta na ndíoltóirí ticéad laistigh den Chomhphobal.

Tá gné bheartas tomhaltóirí an AE i gcroílár na céad chéime eile den mhargadh inmheánach, mar a leagtar amach sa teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Comhairle Eorpach an Earraigh ar an Athbhreithniú ar an Margadh Aonair¹⁰. Gineann an margadh aonair tairbhí do chustaiméirí trí rogha a leathnú agus praghsanna a ísliú agus cosaint leormhaith a chur ar fáil.

Maidir leis seo, trí chearta a bhunú do phaisinéirí atá ag taisteal ar muir nó ar uiscebhealaí intíre cuirfear leis an dul chun cinn atá bainte amach san earnáil iompair laistigh de chreat an Mhargaidh Eorpaigh Aonair. Cinntíonn an togra seo gur féidir le paisinéirí muirí sásamh a bhaint as cosaint feabhsaithe chun tairbhe iomlán a bhaint as an Margadh Aonair agus go bhfuil an mhuinín acu tairbhe a bhaint as.

4. COMHAIRLIÚCHÁN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA

4.1. An comhairliúchán poiblí

In 2006, sheol an Coimisiún Eorpach comhairliúchán poiblí ar chearta paisinéirí muirí, a dhírigh i bpáirt ar chearta daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chosaint le linn turais ar muir nó ar uiscebhealach intíre. Foilsíodh torthaí an chomhairliúcháin ar shuíomh gréasáin DG TREN an 6 Nollaig 2006, agus comhlánaíodh iad le conclúidí an chruinnithe a tionóladh an 18 Eanáir 2007 idir páirtithe leasmhara agus seirbhísí DG TREN.

Bhí na freagróirí beagnach d'aontoil leis an dearcadh gur chóir go mbeadh íosleibhéal cosanta coiteann ann do chearta paisinéirí ar fud an AE, gan spleáchas don mhodh iompair nó cibé an ndéantar an turas iomlán laistigh de Bhallstát amháin nó go dtéann sé thar theorainn inmheánach nó sheachtrach. Leagadh béim ar an bhfíoras go mbíonn paisinéirí muirí go minic ar na daoine is soghonta sa tsochaí, agus nach bhfuil taithí acu, nach bhfuil ar a gcumas gearán a dhéanamh ná an fód a sheasamh dá gcearta féin.

¹⁰ Margadh aonair do shaoránaigh - Tuarascáil eatramhach do Chomhairle Eorpach an Earraigh 2007, an Bhruiséil COIM(2007) 60, 21.2.2007.

Léirigh an t-aiseolas a fuarthas easaontas soiléir idir oibreoirí muirí agus a gcomhlachais agus a gcónaidhmeanna ar lámh amháin agus comhlachais tomhaltóirí ar an lámh eile, cé go n-aontaíonn siad go léir go bhfuil gá le deis iomaíochta chothrom ar a laghad. Mar riail ghinearálta, ní fheiceann oibreoirí ach gá teoranta le rialachán ar leibhéal an Chomhphobail, ach tá comhlachais tomhaltóirí ag iarraidh ceart fairsing do phaisinéirí agus, ar a bharr sin, áit a bhfuil cearta paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe i gceist. Thacaigh formhór na bhfreagraí a fuarthas ó rialtais na mBallstát le cosaint san earnáil a neartú a thuilleadh trí idirghabháil ón AE.

Maidir le paisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, tá formhór na bhfreagróirí den tuairim, na Ballstáit agus na húdaráis áitiúla go léir a ghlac páirt sa chomhairliúchán san áireamh, gur chóir cearta daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a rialú leis na ceithre phrionsabal chéanna (neamh-idirdhealú, rochtain, cúnamh agus faisnéis chuí) is cuma cén modh iompair atá in úsáid, faoi réir ghnéithe saineitíúla gach modha iompair.

Aontaíonn freagróirí uile an chomhairliúcháin ar an bpointe seo a leanas chomh maith: eadhon, nár chóir go mbeadh ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe na costais bhreise a bheadh i gceist le bearta chun feabhas a chur ar inrochtaine agus cúnamh dóibh a íoc go hiomlán iad féin.

Ag an gcruinniú idir páirtithe leasmhara agus seirbhísí DG TREN, a tionóladh an 18 Eanáir 2007, níor chuir duine ar bith a bhí i láthair i gcoinne an ghá atá le rialachán dlíthiúil agus comhchuibhiú ar leibhéal AE nuair a ceistíodh iad go sainráite.

Mar sin féin, tá dearchtaí éagsúla ag rannpháirtithe éagsúla an chomhairliúcháin i leith scála na faidhbe, maidir le saincheisteanna áirithe amhail faisnéis, inrochtaine agus forfheidhmiú.

4.2. Bailiú agus úsáid an tsaineolais

I mí Dheireadh Fómhair 2006 fuair an Coimisiún tuairim ó Fhóram na hEorpa ar Fhuinneamh agus Iompar a spreag beart Comhphobail i réimse chearta na bpaisinéirí muirí.

Bhreithnigh an Coimisiún staidéar neamhspleách chomh maith arna choimisiúnú ag DG TREN in 2005-2006 maidir le "Anailís agus measúnú ar an leibhéal cosanta do chearta paisinéirí in earnáil iompair mhuirí an AE" (*Analysis and assessment of the level of protection of passenger rights in the EU maritime transport sector*). Rinne an staidéar iniúchadh ar chearta paisinéirí ar cuireadh isteach orthu agus ar chearta daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe chomh maith.

Ba iad conclúidí iomlána an staidéir ghinearálta nach raibh cosaint paisinéirí iomlán sásúil toisc, i measc rudaí eile, easpa aonfhoirmeachta a bheith ann maidir le méid agus leibhéal na cosanta do chearta paisinéirí; easpa creata de réitigh láithreacha agus réamhshainithe i gcás cealuithe nó moilleanna; agus easpa faisnéise do phaisinéirí faoina gcearta i gcás teagmhais thromchúisigh.

Ina theannta sin, maidir le daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, aontaíodh go bhfuil difríochtaí suntasacha idir Ballstáit maidir le cosaint na ndaoine seo agus go bhféadfaí feabhas a chur ar an scéal; d'fhéadfaí feabhsuithe ar leith a dhéanamh maidir le hinrochtaine calafort agus long, neamh-idirdhealú agus cúnamh.

4.3. Measúnú iarmharta

Go bunúsach, chlúdaigh an measúnú iarmharta, a rinneadh i gcomhréir leis na Treoirínte bunaithe, prionsabail an chúitimh agus an chúnaimh i gcás cealuithe agus moilleanna, rialacha inrochtaine, neamh-idirdhealú agus cúnamh do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe; caighdeáin cháilíochta agus oibleagáidí faisnéise, rialacha chun déileáil le gearáin agus chun monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh.

Rinneadh measúnú ar cheithre rogha beartais:

- "Gnó mar is gnách": gan beart AE ar bith agus leanúint ar aghaidh leis an reachtaíocht náisiúnta atá ann cheana féin;
- Go bhforbródh agus go nglacadh oibreoirí loinge comhaontuithe deonacha (malartú an chleachtais is fearr) chun feabhas a chur ar an scéal do dhaoine atá ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre;
- Comhordú AE agus malartú na gcleachtas is fearr atá le forbairt chun feabhas a chur ar an reachtaíocht náisiúnta;
- Idirghabháil reachtach Comhphobail (mar shampla le Rialachán) lena mbunaítear cearta feabhsaithe do dhaoine atá ag taisteal ar bhád.

Achoimre ar thorthaí an mheasúnaithe iarmharta:

Maidir le prionsabal an neamh-idirdhealaithe agus an chúnaimh do dhaoine atá faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe roghnaíodh rogha 4: 'Idirghabháil reachtach ón gComhphobal chun feabhas a chur ar chearta daoine atá ag taisteal ar bhád' mar an rogha ab fhearr.

Is cosúil gurb í an rogha maidir le "córas cuimsitheach iomlán a bhunú" an ceann is éifeachtúla maidir le hoibleagáidí faisnéise agus cúnaimh sa chás go gcuirtear isteach ar thuras. Ciallóidh cosaint níos láidre do phaisinéirí go dtairgfear seirbhísí níos fearr.

Tá an tuarascáil ar an measúnú iarmharta chomh maith lena iarscríbhinní go léir ag gabháil leis an dréacht-rialachán seo.

5. GNÉITHE DLÍTHIÚLA

5.1. Bunús dlí

Tá an bunús dlí don togra leagtha amach in Airteagal 71 agus 80 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, lena mbaineann an nós imeachta comhchinnteoireachta.

5.2. Rogha na hionstraime

Is é príomhchuspóir an togra ná leibhéal fóna cosanta a áirithiú do phaisinéirí muirí i gcoitinne agus go háirithe do phaisinéirí a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe. Ba chóir na rialacha atá curtha ar bun ag an togra reatha a chur i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach agus éifeachtúil ar fud an Aontais Eorpaigh chun leibhéal fóna cosanta do phaisinéirí muirí agus deis iomaíochta chothrom d'oibreoirí araon a áirithiú. De réir mar atá aontaithe ag reachtóirí na hEorpa, ní bheidh combhrialú ná féinrialú "infheidhme áit a bhfuil cearta bunúsacha nó roghanna tábhachtacha polaitiúla i gceist nó i gcásanna ar gá na rialacha a chur i bhfeidhm ar bhealach aonfhoirmeach sna Ballstáit uile"¹¹. Is dealraitheach gurb é an rialachán atá infheidhme go díreach an ionstraim is oiriúnaí chun forfheidhmiú comhtháite na rialacha a áirithiú sna Ballstáit go léir. Tá rialachán roghnaithe ag an gComhphobal cheana féin mar an ionstraim dlí is iomchuí chun cearta paisinéirí aeir agus iarnróid a chosaint, agus leis sin bhainfeadh sé amach cearta is infheidhmithe agus a bheadh comhionann do phaisinéirí iompair mhuirí.

¹¹ Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, an Chomhairle agus an Coimisiún ar reachtóireacht níos fearr (2003/C 321/01), pointe 17.

5.3. Prionsabal na coimhdeachta

Is fadhb í cosaint paisinéirí ar scála Eorpach a bhfuil réiteach de dhíth uirthi ar leibhéal an Chomhphobail. Is dhá ghné chomhlántacha den mhargadh inmheánach atá i gceist le margadh a léirscaoileadh agus leas tomhaltóirí a chur san áireamh, go háirithe leas daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Is é aidhm an togra go bunúsach a áirithiú go mbíonn na cearta agus an leibhéal cosanta céanna ag paisinéirí muirí ar fud an Aontais Eorpaigh. Toisc gné idirnáisiúnta an mhodha iompair seo, ní féidir le Ballstát aonair ná grúpa Ballstáit na saincheistanna a bhaineann le seirbhísí iompair paisinéirí a réiteach go sásúil; mar sin táthar ag iarraidh beart ón gComhphobal.

5.4. Prionsabal na comhréireachta

Tá an Coimisiún meabhrach ar an mbaol a bhaineann le ró-rialú agus tá an bhéim a leag Comhairle Eorpach Liospóin ar an timpeallacht rialála a shimpliú á cothabháil aige.

Chuir an Coimisiún srian ar a thogra go dtí réimsí ina bhfuil sainrialacha ón gComhphobal riachtanach agus seachnaíonn sé ábhair ba chóir a fhágáil do bhearta féinrialála. Tá an togra teoranta do réimsí ina bhfuil an gá le gníomh ón gComhphobal soiléir agus go nglactar leis go forleathan. Mar sin tá sé i gcomhréir leis an gcuspóir atá á lorg agus oiriúnach do na dálaí ina bhfuil sé á lorg. Gan chomhchuibhiú, bheadh cearta difriúla ag paisinéirí sa chás is fearr agus ní bheadh cosaint dhlíthiúil ar bith acu sa chás is measa. Ina theannta sin, bheadh sé deacair acu fios a bheith acu ar a gcearta agus iad ag taisteal san Eoraip agus mar sin ní bheadh siad in ann a éileamh go dtabharfaí urramú do na cearta sin.

5.5. Forfheidhmiú

Is beag seasaimh a bheidh ag paisinéirí muirí i gcoitinne agus ag paisinéirí muirí atá faoi mhíchumas nó atá faoi mhíchumas luaineachta má theipeann ar oibreoirí muirí a gcuid oibleagáidí a chomhlíonadh. Forálann Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas dóibh siúd a mhaíonn gur íospartaigh iad mar gheall ar shárú a rinne páirtí stáit ar fhorálacha Choinbhinsiún na NA, an fhéidearthacht maidir le Cumarsáid a chur isteach. Mar sin, trí bhreis rialachán CE a fhorbairt soláthrófar cosaint dhlíthiúil chomhionann níos éifeachtaí ar fud an AE.

Bheadh gá le forfheidhmiú dian an rialacháin atá beartaithe. Mar sin, cuimsíonn togra an Choimisiúin Airteagal a chuireann dualgas ar Bhallstáit smachtbhannaí a fhorchur ar neamh-chomhlíonadh agus comhlachtaí a ainmniú a bheidh freagrach as forfheidhmiú an rialacháin agus as gearáin óna leithéidí de phaisinéirí a láimhseáil. Leanann na forálacha seo an cur chuige céanna agus a tógadh sna píosaí reachtaíochta seo a leanas: Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cúiteamh agus cúnamh do phaisinéirí i gcás bordáil a bheith diúltaithe dóibh agus i gcás cealú eitiltí nó moill fhada ar eitiltí; an Rialachán maidir le cearta daoine atá faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus iad ag taisteal d'aer; agus an Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cearta agus oibleagáidí paisinéirí iarnróid.

5.6. An Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus an Eilvéis

Baineann an togra le haghaidh Rialacháin leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus mar sin ba chóir an limistéar sin a chuimsiú faoi. Baineann an togra seo leis an Eilvéis chomh maith.

6. FORÁLACHA AN TOGRA

Caibidil I Forálacha Ginearálta

In Airteagal 1 leagtar amach ábhar an Rialacháin.

In Airteagal 2 leagtar amach raon feidhme an Rialacháin

In Airteagal 3 tugtar na sainmhínithe atá le cur i bhfeidhm chun críocha an Rialacháin seo.

Baineann Airteagal 4 le conradh iompair a chur i gcrích a thionscnaíonn cearta atá cumhdaithe sa togra seo agus a bhunaíonn coinníollacha conartha neamh-idirdhealaitheacha

Baineann Airteagal 5 le tarscaoileadh a eisiáimh maidir le cearta arna mbunú ag an Rialachán seo.

Caibidil II Cearta daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

In Airteagal 6 cumhdaítear an prionsabal ginearálta maidir le cosc ar iompar a dhiúltú chun tairbhe na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

In Airteagal 7 foráiltear gur riail gan dochar d'eisceachtaí agus do mhaoluithe áirithe í an riail seo, go háirithe ar chúiseanna sábháilteachta a bhfuil call leo arna mbunú faoin dlí.

In Airteagal 8 leagtar amach rialacha ginearálta maidir le hinrochtaine do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

In Airteagal 9 bunaítear an ceart chun cúnamh ag calafoirt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus ainmnítear an comhlacht atá freagrach as cúnamh ag calafoirt, agus an bealach ina gcaithfidh an comhlacht seo cúnamh den sórt sin a mhaoiniú. Is prionsabal bunúsach é go gcuirfear cúnamh ar fáil gan costas breise ar an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe.

In Airteagal 10 foráiltear don cheart chun cúnamh i gcás nach bhfuil calafort ann, ag tagairt d'Airteagal 9.

In Airteagal 11 bunaítear an prionsabal bunúsach go gcuirfear cúnamh ar fáil saor in aisce don duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe maidir le cúnamh ar bord loinge.

In Airteagal 12 bunaítear na prionsabail maidir le cúnamh ag calafoirt, lena n-áirítear ainmhithe cúnta agus rialacha a bhaineann le hidirthuras. D'fhonn cúnamh ar ardchaighdeán a sholáthar i gcónaí do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, leagtar amach oibleagáidí uainiúcháin don duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe i gcás réamháirithinte.

In Airteagal 13 pléitear faisnéis a tharchur chuig tríú páirtí. D'fhonn cúnamh ar ardchaighdeán a sholáthar i gcónaí do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, caithfidh oibreoirí (nó údarais calafoirt má thugann an t-oibreoir an cúnamh ar fhochoonradh dóibh) fógra luath a fháil faoina riachtanais speisialta roimh an turas. Leagann an tAirteagal seo amach rialacha maidir leis an bhfaisnéis seo a tharchur, agus na spriocamanna ar gá cloí leo chun oibleagáidí a chruthú d'oibreoirí faoin Rialachán seo.

In Airteagal 14 pléitear caighdeáin cháilíochta maidir le cúnamh a bheidh le bunú ag iompróirí.

In Airteagal 15 leagtar amach ceanglas lena áirithiú go bhfaigheann pearsanra oiliúint chuí maidir le saincheisteanna míchumais.

In Airteagal 16 bunaítear ceart chun cúnamh maidir le cathaoireacha rothaí agus trealamh gluaisteachta eile a théann amú nó a ndéantar damáiste dóibh agus iad á láimhseáil ag calafoirt nó ar bord loinge.

Caibidil III Oibleagáidí iompróirí i gcás go gcuirtear isteach ar thaisteal

In Airteagal 17 bunaítear an oibleagáid chun faisnéis a sholáthar má chuirtear isteach ar thaisteal.

In Airteagal 18 bunaítear ceart chun cúnamh do phaisinéirí i gcás moille nó cealú seirbhíse. Cuimsíonn an cúnamh béilí, cóiríocht agus iompar le haird faoi leith á tabhairt ar dhaoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

In Airteagal 19 cruthaítear an ceart a thabhairt do phaisinéirí turas malartach nó aisíocaíocht a fháil má tharlaíonn moill atá níos faide ná tréimhse áirithe ama nó má chuirtear seirbhísí ar ceal.

In Airteagal 20 leagtar síos ceart chun cúitimh i gcás go gcuirtear isteach ar thaisteal. Socraíonn an t-Airteagal seo an teorainn ama faoina n-íocfar an cúiteamh, chomh maith leis an modh íocaíochta.

In Airteagal 21 leagtar amach an bealach chun tuilleadh cúitimh a lorg.

In Airteagal 22 spreagtar iompróirí chun socruithe a ghlacadh d'fhonn cearta paisinéirí agus cáilíocht na seirbhíse do phaisinéirí a fheabhsú.

Caibidil IV Faisnéis do phaisinéirí agus láimhseáil gearán

In Airteagal 23 bunaítear ceart ginearálta chun faisnéise taistil do gach paisinéir.

In Airteagal 24 cuirtear dualgas ar iompróirí, ar iompróirí ionadaíocha agus ar chomhlachtaí bainistíochta calafort faisnéis a sholáthar do phaisinéirí faoina gcearta faoin Rialachán seo.

In Airteagal 25 bunaítear rialacha le haghaidh nós imeachta chun gearáin a láimhseáil.

Caibidil V Forfheidhmiú agus Comhlachtaí Forfheidhmithe Náisiúnta

In Airteagal 26 bunaítear rialacha chun an Rialachán reatha a fhorfheidhmiú, agus go háirithe ceanglaítear ar na Ballstáit comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta a ainmniú i dtreo agus gur féidir le paisinéirí gearáin a dhéanamh leo faoi shárú líomhnaithe ar a gcuid ceart faoin dréacht-Rialachán seo.

In Airteagal 27 ceanglaítear ar chomhlachtaí forfheidhmithe tuarascáil bhliantúil a fhoilsiú ar a gcuid gníomhaíochtaí

In Airteagal 28 bunaítear an prionsabal maidir le comhar idir comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

In Airteagal 29 ceanglaítear go nglacfadh Ballstáit pionóis athchomhairleacha i gcás nach dtugtar urramú do chearta paisinéirí.

Caibidil VI Forálacha críochnaitheacha

In Airteagal 30 foráiltear gur chóir don Choimisiún tuarascáil a chur chuig an gComhairle agus an Pharlaimint ar fheidhmiú an Rialacháin trí bliana i ndiaidh don Rialachán teacht i bhfeidhm.

Baineann Airteagal 31 leis an leasú ar Rialachán CE Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú.

In Airteagal 32 foráiltear go dtiocfaidh an Rialachán i bhfeidhm 20 lá i ndiaidh lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus go mbeidh feidhm leis le héifeacht ó bhliain amháin i ndiaidh an dáta sin.

In Iarscríbhinn I bunaítear ceart maidir le haisíocaíocht nó turas malartach a fháil i gcás réamháirithinte ag duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe agus a diúltaíodh dó bordáil ar fhorais a mhíchumais nó a shoghluaisteachta laghdaithe.

In Iarscríbhinn II sainmhínítear raon feidhme an chúnaimh atá le tairiscint i gcalafoirt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe.

In Iarscríbhinn III sainmhínítear raon feidhme an chúnaimh atá le tairiscint ar bord loinge do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe.

Baineann Iarscríbhinn IV le hábhar na hoiliúna a bhaineann le cúrsaí míchumais.

Togra le haghaidh

RIALACHÁIN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 71(1) agus 80(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún¹²,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa¹³,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún¹⁴,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh¹⁵,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Ba chóir go mbeadh sé mar aidhm le bearta an Chomhphobail sa réimse iompair mhuirí, i measc nithe eile, a áirithiú go bhfuil ardleibhéal cosanta ag paisinéirí atá inchomparáide le modhanna iompair eile. Ina theannta sin, go ginearálta ba chóir na ceanglais a bhaineann le cosaint tomhaltóirí a chur san áireamh go hiomlán.
- (2) Ós rud é gur páirtí níos laige é an paisinéir muirí sa chonradh iompair, ba chóir cearta na bpaisinéirí sa mhéid seo a chosaint is cuma cén náisiúntacht nó áit chónaithe laistigh den Chomhphobal atá acu.
- (3) Ba chóir go mbeadh an margadh aonair i seirbhísí paisinéirí ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre chun leasa na saoránach i gcoitinne. Dá réir sin, ba chóir go mbeadh na deiseanna céanna ag daoine faoi mhíchumas nó ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, bíodh míchumas, aois nó gné ar bith eile mar chúis leis sin, maidir le húsáid a bhaint as seirbhísí muirí do phaisinéirí tráchtála agus atá ag saoránaigh eile. Tá an ceart céanna ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus atá ag gach saoránach eile i dtaobh saorghluaiseachta, saoirse rogha agus neamh-idirdhealú.
- (4) I bhfianaise Airteagal 9 de Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas agus chun deiseanna ar thaisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht

¹² IO C [...], [...], lch. [...].

¹³ IO C [...], [...], lch. [...].

¹⁴ IO C [...], [...], lch. [...].

¹⁵ IO C [...], [...], lch. [...].

laghdaithe atá inchomparáide leis na deiseanna atá ag saoránaigh eile, ba chóir rialacha a bhunú maidir le neamh-idirdhealú agus cúnamh le linn dóibh a bheith ag taisteal. Ba chóir, dá bhrí sin, go nglacfaí na daoine a iompar agus gan seirbhís iompair a dhiúltú dóibh ar fhorais a míchumais nó a soghluaisteachta laghdaithe, ach amháin ar chúiseanna a bhfuil údar leo ó thaobh sábháilteachta de agus a fhorordaítear sa dlí. Ba chóir go mbeadh an ceart acu cúnamh a fháil ag calafoirt, agus ag pointí bordála / díbhordála nuair nach bhfuil calafort ar bith ann, agus ar bord long paisinéirí chomh maith. Ar mhaithe le cuimsiú sóisialta, ba chóir go bhfaigheadh na daoine lena mbaineann an cúnamh seo saor in aisce. Ba chóir d'iompróirí rialacha inrochtaine a bhunú, ag baint úsáide as an gcóras caighdeánaíochta Eorpach más féidir.

- (5) Ba chóir do chomhlachtaí bainistíochta na gcalafort agus do na hiompróirí a bheidh á bhfeidhmiú, riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas agus na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a chur san áireamh, nuair is gá, agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le dearadh calafort nua agus críochfort más ann dóibh, agus mar chuid de nuachóirithe ollmhóra. Ar an mbealach céanna, ba chóir d'iompróirí, nuair is gá, riachtanais mar sin a chur san áireamh agus cinneadh á dhéanamh acu maidir le dearadh long nua paisinéirí agus long paisinéirí a athchóiríodh le déanaí i gcomhréir le Treoir 98/18/CE ón gComhairle an 17 Márta 1998 maidir le rialacha sábháilteachta agus caighdeán le haghaidh long paisinéirí¹⁶.
- (6) Ba chóir go gcuirfeadh an cúnamh a thugtar ag calafoirt atá suite i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir léi ar chumas na ndaoine faoi mhíchumas agus na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, i measc nithe eile, dul ó phointe teachta ainmnithe i gcalafort chuig long paisinéirí agus ón long paisinéirí chuig pointe imeachta ainmnithe sa chalafoirt, lena n-áirítear bordáil agus díbhordáil.
- (7) Ba chóir cúnamh a mhaoiniú ar bhealach a leagfadh an t-ualach ar bhonn cothromais ar na paisinéirí ar fad atá ag úsáid iompróra agus chun dídhreasachtaí a sheachaint ó thaobh daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a iompar. Tá an chuma ar an scéal gurb é an modh maoinithe is éifeachtúla muirear a ghearradh ar gach paisinéir atá ag úsáid iompróra, agus é a chur san áireamh i mbunphraghas an ticéid. Ba chóir na muirir seo a ghlacadh agus a chur i bhfeidhm ar bhealach atá trédhearcach go hiomlán.
- (8) Agus seirbhís cúnaimh á eagrú do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, agus maidir le hoiliúint a chur ar a bpearsanra, ba chóir d'iompróirí aird a thabhairt ar Mholadh na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le Dearadh agus Oibriú long paisinéirí ar mhaithe le freagairt do riachtanais daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas¹⁷.
- (9) Ba chóir go gcuirfí a ndóthain faisnéise ar fáil do phaisinéirí i gcás cealú seirbhíse nó moille seirbhíse ar bith. Ba chóir go gcabhródh an fhaisnéis seo le paisinéirí na socruithe is gá a dhéanamh agus faisnéis a fháil faoi thurais mhalartacha más gá.
- (10) Ba chóir an mhíchaoithiúlacht a bhíonn ar phaisinéirí de bharr cealú nó moille fada ar a dturas a laghdú. Chuige sin, ba chóir dóthain aire a thabhairt do phaisinéirí agus ba chóir go mbeidís in ann a dturas a chur ar ceal agus cúiteamh a fháil ar a gcuid ticéad nó turas malartach a fháil faoi choinníollacha sásúla.

¹⁶ IO L 144, 15.5.1998, lch. 1.

¹⁷ EMI – An Coiste Muirshábháilteachta, Ciorc. 735, 24 Meitheamh 1994 tráth ar glacadh an Rialachán seo.

- (11) Ba chóir d'iompróirí freastal a dhéanamh chun cúiteamh a íoc le paisinéirí i gcás moille seirbhíse nó cealú seirbhíse bunaithe ar chéatadán de phraghas an ticéid, ach amháin má bhíonn dálaí eisceachtúla leis an moill nó leis an gcealú, nach bhféadfaí a sheachaint fiú dá mbeadh gach beart réasúnta déanta.
- (12) Ba chóir d'iompróirí oibriú i gcomhar le chéile chun socruithe a ghlacadh ag an leibhéal náisiúnta nó Eorpach chun an cúram agus an cúnamh a chuirtear ar fáil do phaisinéirí sa chás go gcuirtear isteach ar a gcuid taistil a fheabhsú, go háirithe i gcás moilleanna fada.
- (13) Níor chóir go ndéanfaidh an Rialachán seo difear do chearta paisinéirí a bunaíodh le Treoir 90/314/CEE ón gComhairle maidir le taisteal láneagraithe, saoire láneagraithe agus turais láneagraithe¹⁸. I gcásanna ina gcuirtear turas láneagraithe ar ceal ar chúiseanna seachas cealú na seirbhíse iompair mhuirí, níor chóir go mbeadh feidhm ag an Rialachán seo maidir leo.
- (14) Ba chóir go gcuirfí paisinéirí ar an eolas go hiomlán maidir lena gcearta faoin Rialachán seo, ionas go mbeidh siad in ann na cearta sin a fheidhmiú go héifeachtúil. Ba chóir go gcuimseodh cearta na bpaisinéirí ag taiseal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre faisnéis a fháil maidir leis an tseirbhís roimh an turas agus lena linn. Ba chóir an fhaisnéis riachtanach ar fad a chuirtear ar fáil do phaisinéirí ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre a chur ar fáil i bhformáidí malartacha a bhfuil rochtain ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe orthu.
- (15) Ba chóir go mbeadh paisinéirí in ann a gcuid ceart a fheidhmiú trí nósanna imeachta gearáin iomchuí arna gcur chun feidhme ag iompróirí nó, de réir chúinsí an cháis, trí ghearáin a chur faoi bhráid an chomhlachta arna ainmniú nó na gcomhlachtaí arna n-ainmniú ag an mBallstát ábhartha chuige sin.
- (16) Ba chóir go gcuirfí gearáin maidir leis an gcúnamh a thugtar ag calafort nó pointe bordála / díbhordála faoi bhráid an chomhlachta arna ainmniú nó na gcomhlachtaí arna n-ainmniú ag an mBallstát ina bhfuil an calafort suite chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Ba chóir go gcuirfí gearáin maidir leis an gcúnamh a thugann iompróir ar muir faoi bhráid an chomhlachta arna ainmniú nó na gcomhlachtaí arna n-ainmniú ag an mBallstát a d'eisigh an ceadúnas oibríochta chuig an iompróir chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Ba chóir go mbeadh an chumhacht agus an cumas ag an gcomhlacht a ainmneofar chun an Rialachán seo a fhorfheidhmiú chun gearáin aonair a fhiosrú agus chun socruithe ar dhíospóidí taobh amuigh den chúirt a éascú.
- (17) Ba chóir do Bhallstáit maoirseacht a dhéanamh agus a áirithiú go bhfuiltear ag cloí leis an Rialachán seo agus comhlacht iomchuí a ainmniú chun tabhairt faoi chúraimí forfheidhmithe. Ní bhíonn tionchar ag an maoirseacht seo ar chearta paisinéirí sásamh a lorg faoin dlí ó chúirteanna faoi dhlí náisiúnta.
- (18) Ba chóir do Bhallstáit pionóis a leagan síos a bheidh infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus a áirithiú go gcuirfear na pionóis sin i bhfeidhm. Ba chóir go mbeadh na pionóis, lena bhféadfaí ordú chun cúiteamh a íoc leis an duine lena mbaineann a áireamh, éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach.
- (19) Ó tharla nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon leibhéal arda agus chomhionanna cosanta agus cúnaimh a áirithiú do phaisinéirí ar fud na mBallstát agus a áirithiú go bhfeidhmíonn gníomhairí eacnamaíocha faoi choinníollacha

¹⁸ IO L 158, 23.6.1990, lch. 59.

comhchuibhithe i margadh aonair, a bhaint amach go leordhóthanach agus dá bhrí sin, gurbh fhearr, de bharr fhairsinge agus iarmhairtí na mbeart seo, is féidir iad a bhaint amach ar leibhéal an Chomhphobail, féadfaidh an Comhphobal bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar atá leagtha amach in Airteagal 5 den Chonradh. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta, mar atá leagtha amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach d'fhonn na cuspóirí sin a bhaint amach.

- (20) Ba chóir go mbeadh forfheidhmiú an Rialacháin seo bunaithe ar Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú (an Rialachán maidir le comhar ar mhaithe le cosaint tomhaltóirí)¹⁹. Ba chóir an Rialachán sin a leasú dá réir sin.
- (21) Ba chóir Treoir 95/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Deireadh Fómhair 1995 maidir le daoine aonair a chosaint i dtaca le próiseáil sonraí pearsanta agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin²⁰ a chur i bhfeidhm go dian lena chinntiú go ndéantar príobháideacht na bpaisinéirí ar muir agus ar uiscebhealaí intíre a urramú agus a áirithiú go mbeidh feidhm ag an bhfaisnéis a iarrtar chun na hoibleagáidí cúnamh a leagtar síos sa Rialachán seo a bhaint amach agus chun na críche sin amháin agus nach ndéanfar í a úsáid chun dochair do phaisinéirí.
- (22) Urramaítear na cearta bunúsacha leis an Rialachán seo mar aon leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Forálacha ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

Bunaíonn an Rialachán seo rialacha maidir leis an méid seo a leanas:

- (1) neamh-idirdhealú idir paisinéirí ó thaobh na gcoinníollacha iompair a chuireann iompróirí ar fáil;
- (2) neamh-idirdhealú agus cúnamh sainordaitheach do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe;
- (3) oibleagáidí na n-iompróirí i leith paisinéirí i gcás cealú nó moille;
- (4) faisnéis íosta atá le cur ar fáil do phaisinéirí;
- (5) láimhseáil gearán;
- (6) forfheidhmiú chearta na bpaisinéirí.

¹⁹ IO L 364, 9.12.2004, lch. 1.

²⁰ IO L 281, 23.11.1995, lch. 31.

Airteagal 2

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le seirbhísí do phaisinéirí tráchtála ar muir agus ar uiscebhealaí intíre, lena n-áirítear turais ar muir nó ar uiscebhealaí intíre, idir calafoirt agus ag calafoirt nó aon phointe bordála / díbhordála atá suite i gcríoch Ballstáit a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir léi.
2. Is féidir le Ballstáit seirbhísí atá clúdaithe i gconarthaí seirbhíse poiblí a dhíolmhú más rud é go ndéanann na conarthaí sin leibhéal ceart paisinéirí a áirithiú atá inchomparáide leis an leibhéal a cheanglaítear faoin Rialachán seo.

Airteagal 3

Sainmhínithe

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

- (a) ciallaíonn 'duine faoi mhíchumas' nó 'duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe' duine ar bith a bhfuil a chumas gluaiseachta laghdaithe agus é ag úsáid seirbhíse iompair mar thoradh ar mhíchumas coirp (bíodh sé ina mhíchumas céadfach nó gluaisluaile, buan nó sealadach), míchumas intleachta nó laige intleachta de chineál ar bith, nó ar chúis mhíchumais ar bith eile, nó mar thoradh aoise, agus a bhfuil aire iomchuí ag teastáil ón duine sin agus an tseirbhís a chuirtear ar fáil do na paisinéirí ar fad a chur in oiriúint dá riachtanais speisialta;
- (b) ciallaíonn 'cealú' nuair nach n-oibrítear seirbhís a bhí sceidealaithe roimhe sin a ndearnadh áirithint amháin ar a laghad ina leith;
- (c) ciallaíonn 'moill' difríocht idir an t-am a bhí paisinéir sceidealaithe le himeacht nó le teacht i gcomhréir leis an amchlár foilsithe agus an t-am iarbhair nó ionchais a fhágann sé nó a thagann sé isteach;
- (d) ciallaíonn 'iompróir' duine a chuir conradh iompair i gcrích nó ar cuireadh conradh iompair i gcrích ar a shon, nó an t-iompróir ionadaíoch cibé an dtugann sé féin nó an t-iompróir ionadaíoch faoin iompar iad féin, seachas tionscnóir turas;
- (e) ciallaíonn 'seirbhís muirí do phaisinéirí tráchtála' seirbhís iompair mhuirí do phaisinéirí arna oibriú ag iompróir ar bhealach sceidealaithe nó neamhsceidealaithe a thairiscítear don phobal i gcoitinne ar chomaoin luachmhar, bíodh sin as féin nó mar chuid de phacáiste;
- (f) ciallaíonn 'iompróir ionadaíoch' duine seachas an t-iompróir agus an tionscnóir turas, a fheidhmíonn an tseirbhís iompair iomlán nó cuid di;
- (g) ciallaíonn 'calafort' limistéar talún agus uisce atá comhdhéanta de na hoibreacha feabhsúcháin agus de threalamh a cheadaíonn, go príomha, glacadh le longa, iad a luchtú agus a dhíluchtú, earraí a stóráil, na hearraí seo a ghlacadh agus a sheachadadh trí iompar intíre, agus longa paisinéirí a bhordáil agus a dhíbhordáil;
- (h) ciallaíonn 'pointe bordála / díbhordála' limistéar talún agus uisce nach calafort é, ina mbíonn paisinéirí ag bordáil agus ag díbhordáil ann go minic;

- (i) ciallaíonn 'long' soitheach farraige nó soitheach abhann, gan feithicil aerchúisín a áireamh;
- (j) ciallaíonn 'conradh iompair' conradh iompair idir iompróir nó a dhíoltóir ticéad údaraithe agus paisinéir chun seirbhís iompair amháin nó níos mó a sholáthar;
- (k) ciallaíonn 'ticéad' doiciméad bailí a thugann teidlíocht chun iompair, nó ábhar coibhéiseach nach bhfuil i bhfoirm páipéir, lena n-áirítear foirm leictreonach, eisithe nó údaraithe ag iompróir nó ag a dhíoltóir ticéad údaraithe;
- (l) ciallaíonn 'díoltóir ticéad' miondíoltóir ar bith de sheirbhísí iompair mhuirí a chuireann conarthaí iompair i gcrích agus a dhíolann ticéid thar ceann iompróra nó dá chuntas féin;
- (m) ciallaíonn 'tionscnóir turas' eagraí nó miondíoltóir, seachas iompróir, de réir bhrí Airteagal 2(2) agus (3) de Threoir 90/314/CEE;
- (n) ciallaíonn 'áirithint' údarú, ar pháipéar nó i bhfoirm leictreonach, a thugann teidlíocht chun iompair faoi réir socruithe iompair pearsantaithe arna ndeimhniú roimhe ré;
- (o) ciallaíonn 'long paisinéirí' long a iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir;
- (p) ciallaíonn 'long phaisinéirí róró' long a iompraíonn níos mó ná 12 phaisinéir, ina bhfuil spásanna lastais rolladh ann/rolladh as nó spásanna catagóire speisialta, mar atá sainithe i rialachán II-2/A/2 den Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Shábháilteacht Anama ar Muir, 1974, mar atá arna leasú;
- (q) ciallaíonn 'údarás calafoirt' nó 'comhlacht bainistíochta an chalafoirt' comhlacht a bhfuil sé mar chuspóir aige faoi rialachán náisiúnta nó dlí náisiúnta riarachán agus bainistíocht a dhéanamh ar bhonneagair an chalafoirt, agus comhordú agus rialú ar ghníomhaíochtaí na n-oibreoirí éagsúla atá i láthair i gcalafort nó i gcóras calafoirt, bíodh sin i gcomhcheangal le gníomhaíochtaí eile nó ná bíodh. D'fhéadfadh roinnt comhlachtaí ar leithligh a bheith i gceist nó go mbeadh sé freagrach as níos mó ná calafort amháin;
- (r) ciallaíonn 'turas ar muir nó ar uiscebhealach' gníomhaíocht loingseoireachta do phaisinéirí atá comhlánaithe ag cóiríocht agus áiseanna eile, a sháraíonn lá amháin lóistín (lóistín thar oíche), nach seirbhís rialta ná sceidealaithe do phaisinéirí í idir dhá chalafort nó níos mó, ach lena bhfilleann paisinéirí ar chalafort na bordála de ghnáth.

Airteagal 4

Conradh iompair agus coinníollacha conartha neamh-idirdhealaitheacha

3. Cuirfidh iompróirí cruthúnas ar fáil do phaisinéirí gur cuireadh an conradh iompair i gcrích trí thicéad amháin nó níos mó a eisiúint. Glacfar leis na ticéid mar fhianaise *prima facie* gur cuireadh an conradh i gcrích agus tabharfaidh siad cearta dá bharr mar a fhoráiltear dóibh sa Rialachán seo.
4. Gan dochar d'oibleagáidí na seirbhíse poiblí lena gceanglaítear taraifí sóisialta, déanfar coinníollacha conartha agus taraifí a chuirfidh iompróirí nó díoltóirí ticéad i bhfeidhm a thairiscint don phobal i gcoitinne gan idirdhealú ar bith bunaithe ar náisiúntacht nó áit chónaithe an chustaiméara deiridh ná ar áit bhunaíochta na n-iompróirí nó na ndíoltóirí ticéad laistigh den Chomhphobal.

Airteagal 5

Tarscaoileadh a eisiamh

1. Ní dhéanfar oibleagáidí de bhua an Rialacháin seo a theorannú ná a tharscaoileadh, *inter alia*, trí mhaolú nó clásal sriantach sa chonradh iompair.
2. Is féidir le hiompróirí coinníollacha conartha a thairiscint atá níos fabhraí don phaisinéir ná na coinníollacha atá leagtha síos sa Rialachán seo.

CAIBIDIL II

Ceartha daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe

Airteagal 6

Cosc maidir le hiompar a dhiúltú

1. Ní dhiúltóidh iompróirí, díoltóirí ticéad ná tionscnóirí turas, ar fhorais mhíchumais nó ar fhorais soghluaisteachta laghdaithe:
 - (s) áirithint a ghlacadh, nó ticéad a eisiúint, as turas a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis;
 - (t) duine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a bhordáil ag calafort nó ag pointe bordála / díbhordála, ar an gcoinníoll go bhfuil ticéad bailí nó áirithint bhailí ag an duine lena mbaineann.
2. Déanfar áirithintí agus ticéid a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe gan costas breise.

Airteagal 7

Maoluithe agus coinníollacha speisialta

1. D'ainneoin fhorálacha Airteagal 6 féadfaidh iompróirí, díoltóirí ticéad nó tionscnóirí turas diúltú, ar fhorais mhíchumais nó ar fhorais soghluaisteachta laghdaithe, glacadh le háirithint ó dhuine faoi mhíchumas nó duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe nó ticéad a eisiúint dó nó é a bhordáil:
 - (a) d'fhonn ceanglais sábháilteachta is infheidhme arna mbunú ag dlí idirnáisiúnta, dlí an Chomhphobail nó dlí náisiúnta a chomhlíonadh nó d'fhonn ceanglais sábháilteachta arna mbunú ag an údarás a d'eisigh an deimhniú oibreora chuig an iompróir lena mbaineann a chomhlíonadh;
 - (b) nuair nach bhfuil sé indéanta go táigiúil an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a bhordáil nó a iompar i ngeall ar struchtúr na loinge paisinéirí.

I gcás go ndiúltaítear glacadh le háirithint ar na forais dá dtagraítear faoi phointí (a) nó (b) sa chéad fhomhír, déanfaidh iompróirí, díoltóirí ticéad nó tionscnóirí turas iarrachtaí réasúnacha chun rogha mhalartach atá inghlactha a mholadh don duine lena mbaineann.

I gcás réamháirithinte, déanfar an ceart ar aisíocaíocht nó ar thuras malartach dá bhforáiltear in Iarscríbhinn I a thairiscint do dhuine faoi mhíchumas nó do dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe ar diúltaíodh é a bhordáil ar fhorais a mhíchumais nó a shoghluaisteachta laghdaithe agus do dhuine ar bith atá i dtionlacan an duine sin de bhun mhír 2. Beidh an ceart chun turas fillte nó turas malartach a fháil mar rogha ar choinníoll go ndéanfar na ceanglais sábháilteachta ar fad a chomhlíonadh.

2. Faoi na coinníollacha céanna dá dtagraítear i mír 1(a), féadfaidh iompróir nó díoltóir ticéad nó tionscnóir turas a cheangal go mbeidh an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe i dtionlacan duine eile atá in ann an cúnamh a theastaíonn ón duine sin a chur ar fáil má tá sé fíor-riachtanach.
3. Tráth a fheidhmeoidh iompróir nó díoltóir ticéad nó tionscnóir turas maolú dá bhforáiltear i míreanna 1 nó 2, cuirfidh sé an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe ar an eolas láithreach faoi na fáthanna atá leis. Ar iarraidh, cuirfidh an t-iompróir, an díoltóir ticéad nó an tionscnóir turas na fáthanna seo in iúl i scríbhinn don duine faoi mhíchumas nó don duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, laistigh de chúig lá oibre ón iarraidh a fháil.

Airteagal 8

Inrochtaine agus faisnéis

1. Bunóidh iompróirí rialacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha a mbeidh feidhm acu maidir le hiompar daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, chomh maith le haon srianta ar a n-iompair nó ar a gcuid trealaimh ghluaiseachta i ngeall ar struchtúr na long paisinéirí, le rannpháirtíocht ghníomhach ó ionadaithe na n-eagraíochtaí do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe agus comhlachtaí forfheidhmithe dá dtagraítear in Airteagal 26, chun na ceanglais sábháilteachta is infheidhme a chomhlíonadh. Cuimseoidh na rialacha seo na coinníollacha rochtana ar fad den tseirbhís mhuirí atá i gceist, lena n-áirítear inrochtaine na long a oibrítear agus na n-áiseanna atá ar bord acu.
2. Cuirfidh iompróirí nó díoltóirí ticéad na rialacha dá bhforáiltear i mír 1 ar fáil go poiblí tráth a ndéanfar áirithint ar a laghad, ar bhealaí iomchuí, agus sna teangacha sin ina gcuirtear faisnéis ar fáil go ginearálta do na paisinéirí ar fad. Agus an fhaisnéis seo á cur ar fáil, tabharfar aird ar leith ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe.
3. Ar iarraidh, cuirfidh iompróirí an dlí idirnáisiúnta, dlí an Chomhphobail nó an dlí náisiúnta ar fáil lena mbunaítear na ceanglais sábháilteachta a bhfuil na rialacha rochtana neamh-idirdhealaitheacha bunaithe orthu.
4. Cuirfidh tionscnóirí turas na rialacha ar fáil dá bhforáiltear i mír 1 agus atá infheidhme maidir le turais atá ar áireamh i dtaisteal láneagraithe, saoire láneagraithe agus turais láneagraithe a eagraíonn siad, a dhíolann siad nó a thairgeann siad le ceannach.
5. Áiritheoidh iompróirí, a ndíoltóirí ticéad nó a dtionscnóirí turas go bhfuil an fhaisnéis ábhartha ar fad a bhaineann leis na coinníollacha iompair, faisnéis faoin turas agus faisnéis faoi inrochtaine na seirbhísí curtha ar fáil i bhformáidí atá iomchuí agus

inrochtana do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, lena n-áirítear áirithintí agus faisnéis ar líne.

Airteagal 9

Ceart chun cúnamh ag calafoirt

1. Ag imeacht ó chalafort, le linn idirthurais trí chalafort, nó ag teacht isteach i gcalafort, beidh an t-iompróir freagrach as a áirithiú go ndéantar an cúnamh a shonraítear in Iarscríbhinn II a sholáthar saor in aisce do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe ar bhealach ina mbeidh an duine sin in ann dul ar bord na seirbhíse atá ag imeacht, nó díbhordáil ón tseirbhís atá ag teacht isteach dár cheannaigh sé ticéad, gan dochar do na rialacha rochtana dá dtagraítear in Airteagal 8(1).
2. Féadfaidh iompróir cúnamh a sholáthar é féin nó féadfaidh sé conradh a dhéanamh le páirtí amháin eile nó níos mó chun an cúnamh sin a sholáthar. Is féidir leis an iompróir conradh nó conarthaí den sórt sin a dhéanamh as a stuaim féin nó ar iarraidh, lena n-áirítear iarraidh ó údarás calafoirt, agus ag cur na seirbhísí atá ann cheana féin sa chalafort lena mbaineann san áireamh.
I gcás go ndéanann iompróir conarthaí le páirtí amháin nó níos mó chun an cúnamh a sholáthar, beidh an t-iompróir fós freagrach as an gcúnamh a sholáthar agus as a áirithiú go bhfuiltear ag cloí leis na caighdeáin cháilíochta dá dtagraítear in Airteagal 14(1).
3. Féadfaidh iompróirí muirear ar leith a ghearradh ar na paisinéirí ar fad, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, chun na críche cúnamh a sholáthar ag calafoirt. Beidh an muirear ar leith réasúnach, beidh gaol aige leis an gcostas agus beidh sé trédhearcach.
4. Déanfaidh iompróirí a gcuntais ar ghníomhaíochtaí a bhaineann leis an gcúnamh a sholáthraítear do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a dheighilt óna gcuid cuntas ar ghníomhaíochtaí eile, i gcomhréir le cleachtas tráchtála reatha.
5. Cuirfidh na hiompróirí ar fáil don chomhlacht forfheidhmithe arna ainmniú nó do na comhlachtaí forfheidhmithe arna n-ainmniú de bhun Airteagal 26(1) forbhreathnú bliantúil iniúchta maidir leis na muirir a fuarthas agus na costais a rinneadh i leith an chúnamh a cuireadh ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Airteagal 10

Ceart chun cúnamh ag pointí bordála / díbhordála

I gcás nach bhfuil calafort ar bith ann a bhaineann le ceann scríbe áirithe nó le cuid áirithe de thuras, eagróidh an t-iompróir an cúnamh ag an bpointe bordála / díbhordála i gcomhréir le hAirteagal 9.

Airteagal 11

Ceart chun cúnamh ar bord loinge

Cuirfidh iompróirí an cúnamh a shonraítear in Iarscríbhinn III ar a laghad ar fáil saor in aisce do dhaoine faoi mhíchumas nó do daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá ag imeacht ó chalafort, ag teacht isteach i gcalafort nó ar idirthuras trí chalafort a bhfuil feidhm ag an Rialachán seo maidir leis.

Airteagal 12

Coinníollacha faoina gcuirtear cúnamh ar fáil

Comhoibreoidh iompróirí, comhlachtaí bainistíochta na gcalafort, díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas chun cúnamh a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe de réir Airteagail 9, 10 agus 11 i gcomhréir leis na pointí seo a leanas:

- (a) cuirfear cúnamh ar fáil ar choinníoll go gcuirfear fógra chuig an iompróir, an díoltóir ticéad nó an tionscnóir turas ónar ceannaíodh an ticéad ar a laghad 48 uair an chloig sula mbeidh an cúnamh ag teastáil maidir le go mbeidh cúnamh den sórt sin ag teastáil ón duine. I gcás go bhfuil níos mó ná turas amháin ceadaithe leis an ticéad, is leor fógra amháin ar an gcoinníoll go gcuirtear a ndóthain faisnéise ar fáil maidir le huainiú na dturas ina dhiaidh sin;
- (b) déanfaidh iompróirí, díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas na bearta ar fad is gá chun glacadh le fógraí ó dhaoine faoi mhíchumas nó ó dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir le go bhfuil gá acu le cúnamh. Beidh an oibleagáid seo infheidhme ag na pointí díolacháin ar fad atá acu, lena n-áirítear díolachán ar an nguthán agus ar an idirlíon;
- (c) mura ndéanfar aon fhógra i gcomhréir le pointe (a), déanfaidh iompróirí, díoltóirí ticéad agus tionscnóirí turas gach iarracht réasúnach chun a áirithiú go gcuirfear an cúnamh ar fáil sa chaoi is gur féidir leis an duine faoi mhíchumas nó leis an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe dul ar bord na seirbhíse atá ag imeacht, athrú chuig an tseirbhís ceangail nó díbhordáil ón tseirbhís atá ag teacht isteach dár cheannaigh sé ticéad;
- (d) gan dochar do chumhachtaí na n-eintiteas eile maidir le limistéir atá suite taobh amuigh d'áitreabh an chalafoirt, ainmneoidh comhlacht bainistíochta an chalafoirt nó duine údaraithe eile pointí teachta agus imeachta laistigh de theorainn an chalafoirt, laistigh agus/nó taobh amuigh d'fhoirgnimh an chríochfoirt de réir chúinsí an cháis, ina bhféadfaidh daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe fógra a thabhairt go bhfuil siad ann agus cúnamh a iarraidh; beidh comhartha feiceálach ag gach ceann de na pointí seo agus cuirfear faisnéis bhunúsach faoin gcalafort ar fáil agus beidh cúnamh ar fáil i bhformáidí inrochtana;
- (e) cuirfear cúnamh ar fáil ar choinníoll go dtiocfaidh an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe i láthair ag an bpointe ainmnithe:
 - ag am a ordóidh an t-iompróir nach mbeidh níos mó ná 60 nóiméad roimh an t-amchlár imeachta foilsithe, nó

- mura ndéantar am ar bith a ordú, tráth nach déanaí ná 30 nóiméad roimh an t-amchlár imeachta foilsithe.
- (f) I gcás go bhfuil ainmhí cúnta ag teastáil ó dhuine faoi mhíchumas nó ó dhuine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe, breathnófar i ndiaidh an ainmhí sin sa chás go gcuirfear fógra chuig an iompróir nó an díoltóir ticéad nó an tionscnóir turas i gcomhréir le rialacha náisiúnta is infheidhme a chlúdaíonn ainmhithe cúnta aitheanta a iompar ar bord loinge paisinéirí, i gcás go bhfuil a leithéidí de rialacha ann.

Airteagal 13

Faisnéis a tharchur chuig tríú páirtí

1. I gcás go bhfuil soláthar an chúnaimh ligthe amach ar fhochonradh, agus go bhfaigheann an t-iompróir, an díoltóir ticéad nó an tionscnóir turas fógra go bhfuil cúnaimh ag teastáil ar a laghad 48 uair an chloig roimh an t-amchlár imeachta foilsithe don turas, déanfaidh sé an fhaisnéis ábhartha a tharchur ionas go bhfaighidh an fochonraitheoir í ar a laghad 36 uair an chloig roimh an t-amchlár imeachta foilsithe don turas.
2. I gcás go bhfuil soláthar an chúnaimh ligthe amach ar fhochonradh, agus nach bhfaigheann an t-iompróir, an díoltóir ticéad nó an tionscnóir turas fógra go bhfuil cúnaimh ag teastáil ar a laghad 48 uair an chloig roimh an t-amchlár imeachta foilsithe don turas, déanfaidh sé an fhaisnéis a tharchur chuig an bhfochonraitheoir a luaithe agus is féidir.

Airteagal 14

Caighdeáin cháilíochta i gcomhair cúnaimh

1. Leagfaidh iompróirí síos caighdeáin cháilíochta don chúnamh a shonraítear in Iarscríbhinní II agus III agus socróidh siad na ceanglais ó thaobh acmhainní de chun na caighdeáin sin a chomhlíonadh, i gcomhar le heagraíochtaí a dhéanann ionadaíocht thar ceann paisinéirí faoi mhíchumas agus paisinéirí a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe.
2. Agus na caighdeáin cháilíochta á socrú, cuirfear san áireamh go hiomlán na beartais agus na cóid chleachtais atá aitheanta go hidirnáisiúnta maidir le hiompar daoine faoi mhíchumas nó daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe a éascú, go háirithe Moladh na hEagraíochta Muirí Idirnáisiúnta maidir le Dearadh agus Oibriú long paisinéirí ar mhaithe le freagairt do riachtanais daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas.
3. Foilseoidh iompróirí a gcuid caighdeán cáilíochta.

Airteagal 15

Oiliúint

Déanfaidh iompróirí:

- (a) a áirithiú go bhfuil eolas ag a bpearsanra ar fad, lena n-áirítear an pearsanra atá fostaithe ag fochonraitheoir ar bith, atá ag soláthar cúnaimh go díreach do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe maidir le conas riachtanais na ndaoine a bhfuil míchumais éagsúla nó laigí gluaiseachta ag dul dóibh a chomhlíonadh;
- (b) oiliúint maidir le cúnamh míchumais agus feasacht mhíchumais mar a dhéantar cur síos air in Iarscríbhinn IV a chur ar fáil dá bpearsanra ar fad atá ag obair ag an gcalafort agus a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal atá ag taisteal;
- (c) a áirithiú go bhfreastalóidh na fostaithe nua ar fad ar oiliúint a bhaineann le míchumas tar éis iad a earcú agus go bhfaighidh an pearsanra ar fad cúrsaí athnuachana oiliúna nuair is cuí.

Airteagal 16

Cúiteamh i leith cathaoireacha rothaí agus trealamh ghluaiseachta

1. I gcás go ndéantar damáiste do chathaoireacha rothaí nó do threalamh gluaiseachta eile nó codanna díobh nó go dtéann siad amú agus iad á láimhseáil ag an gcalafort nó á n-iompar ar bord loinge, roimh an turas, lena linn agus ina dhiaidh, tabharfaidh an t-iompróir nó comhlacht bainistíochta an chalaoirt cúiteamh don phaisinéir ar leis an trealamh, ag brath ar cé a bhí freagrach as an trealamh nuair a rinneadh damáiste dó nó nuair a chuaigh sé amú.

Nuair is gá déanfar gach iarracht chun trealamh ionadach a chur ar fáil go tapa.

2. Ní bheidh teorainn leis an méid cúitimh a bheidh iníoctha de bhun an Airteagail seo.

CAIBIDIL III

Oibleagáidí iompróirí i gcás go gcuirtear isteach ar thaisteal

Airteagal 17

Faisnéis a sholáthar

1. I gcás moille, cuirfidh an t-iompróir nó, nuair is cuí, comhlacht bainistíochta an chalaoirt na hamanna imeachta agus teachta measta in iúl do phaisinéirí a luaithe agus a bheidh an fhaisnéis seo ar fáil, agus tráth nach déanaí ná 30 nóiméad tar éis imeachta sceidealaithe ná uair an chloig roimh theacht sceidealaithe faoi seach.
2. Má chailleann paisinéirí turas ceangail de bharr moille, déanfaidh an t-iompróir ionadaíoch iarrachtaí réasúnacha chun na paisinéirí lena mbaineann a chur ar an eolas maidir le turais mhalartacha.

Airteagal 18

Ceart chun cúnaimh

1. I gcás go bhfuil iompróir den bharúil réasúnach go mbeidh moill ar sheirbhís mhuirí do phaisinéirí ar feadh 60 nóiméad sa bheis ar an amchlár imeachta sceidealaithe, tairgfear béilí agus sólaistí saor in aisce do phaisinéirí i gcoibhneas réasúnach leis an

am feithimh, má tá fáil orthu ar bord nó ag an gcalafort, nó más féidir iad a sholáthar go réasúnach.

2. I gcás moille ar bith ina mbeidh gá fanacht thar oíche nó thar breis oícheanta nó fanacht ar feadh tréimhse sa bhreis ar an tréimhse a raibh sé i gceist ag an bpaisinéir fanacht, agus go bhfuil sé indéanta go táigiúil, déanfar óstán nó cóiríocht eile a thairiscint do phaisinéirí saor in aisce, chomh maith le hiompar idir an calafort agus áit na cóiríochta, anuas ar an mbéilí agus na sólaistí dá bhforáiltear i mír 1.
3. Murar féidir leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís mhuirí, déanfaidh iompróirí seirbhísí iompair malartacha a eagrú do phaisinéirí, nuair is féidir agus a luaitear agus is féidir.
4. Agus míreanna 1, 2 agus 3 á gcur i bhfeidhm, tabharfaidh an t-iompróir ionadaíoch aird ar leith ar riachtanais na ndaoine faoi mhíchumas agus na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus duine ar bith eile a bheidh ina dtionlacan.

Airteagal 19

Turais mhalartacha agus aisíocaíocht

1. I gcás go bhfuil iompróir den bharúil réasúnach go mbeidh moill ar sheirbhís mhuirí do phaisinéirí ar feadh 120 nóiméad sa bhreis ar an amchlár imeachta sceidealaithe, déanfar an méid seo láithreach:
 - (a) seirbhísí iompair malartacha a thairiscint don phaisinéir faoi choinníollacha réasúnacha nó, mura bhfuil sé sin praiticiúil, cuirfear ar an eolas é maidir le seirbhísí iompair malartacha leordhóthanacha de chuid oibreoirí iompair eile;
 - (b) aisíocaíocht ar phraghas an ticéid a thabhairt don phaisinéir mura nglacann sé le seirbhísí iompair malartacha dá dtagraítear in (a).Déanfar an aisíocaíocht dá bhforáiltear i bpointe (b) a íoc faoi na coinníollacha céanna agus íocaíocht an chúitimh dá bhforáiltear in Airteagal 20.
2. Ní bheidh feidhm ag an gceart ar aisíocaíocht faoin Airteagal seo maidir le paisinéirí ar thuras ar muir nó ar uiscebhealaí intíre ach amháin i gcás go dtagann na cearta sin chun cinn faoi Threoir 90/314/CEE.

Airteagal 20

Cúiteamh ar phraghas an ticéid

1. Gan an ceart chun iompair a chailleadh, is féidir le paisinéir cúiteamh a iarraidh ón iompróir más rud é go mbeidh moill ar theacht i ngeall ar chealú nó moill ar imeacht. Is mar seo a leanas a bheidh na leibhéil cúitimh íosta:
 - (a) 25% de phraghas an ticéid i gcás moille 60 go 119 nóiméad;
 - (b) 50% de phraghas an ticéid i gcás moille 120 nóiméad nó os a cionn;
 - (c) 100% de phraghas an ticéid má theipeann ar an iompróir seirbhísí malartacha nó an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 19(a) a sholáthar.
2. Ní bheidh feidhm ag an gceart chun cúitimh faoin Airteagal seo maidir le paisinéirí ar thuras ar muir nó ar uiscebhealaí intíre ach amháin má thagann na cearta sin chun cinn faoi Threoir 90/314/CEE.

3. Íocfar an cúiteamh laistigh de mhí amháin tar éis an t-iarraidh ar chúiteamh a chur isteach. Is féidir an cúiteamh a íoc i bhfoirm dearbhán agus/nó seirbhísí eile ar choinníoll go bhfuil na téarmaí solúbtha, go háirithe maidir leis an tréimhse bhailíochta agus an ceann scríbe. Íocfar an cúiteamh in airgead tirim arna iarraidh sin ag an bpaisinéir.
4. Ní bheidh feidhm leis an Airteagal seo i gcás gur dálaí eisceachtúla a chuir bac ar fheidhmíocht na seirbhíse iompair is cúis leis an moill nó leis an gcealú, dálaí nach bhféadfaí a sheachaint fiú dá mbeadh gach beart réasúnach déanta.

Airteagal 21

Éilimh bhreise

Ní chuirfidh aon ní sa Rialachán seo cosc ar phaisinéirí damáistí a lorg ó chúirteanna náisiúnta i leith caillteanais mar thoradh ar chealú nó ar mhoill seirbhísí iompair.

Airteagal 22

Bearta breise i bhfabhar paisinéirí

Oibreoidh iompróirí i gcomhar le chéile chun socruithe a ghlacadh ar an leibhéal náisiúnta nó Eorpach ina mbeidh páirtithe leasmhara, cumainn ghairmiúla agus cumainn chustaiméirí, paisinéirí agus daoine faoi mhíchumas páirteach. Beidh sé mar aidhm leis na bearta seo cúram a fheabhsú do phaisinéirí, go háirithe i gcás moilleanna fada agus i gcás go gcuirtear isteach ar thaisteal nó cealú taistil.

CAIBIDIL IV

Faisnéis do phaisinéirí agus láimhseáil gearán

Airteagal 23

Ceart chun faisnéise taistil

Cuirfidh comhlachtaí bainistíochta na gcalafort agus iompróirí faisnéis leordhóthanach ar fáil do phaisinéirí feadh an turais san fhormáid is iomchuí. Tabharfar aird ar leith ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

Airteagal 24

Faisnéis maidir le cearta paisinéirí

1. Déanfaidh iompróirí a áirithiú go gcuirfear faisnéis iomchuí agus chuimsitheach ar fáil do phaisinéirí maidir lena gcearta faoin Rialachán seo ar imeacht dóibh ar a dhéanaí. Sa mhéid agus gur chuir ceachtar den iompróir nó den iompróir ionadaíoch an fhaisnéis ar fáil, ní cheanglófar ar an iompróir eile an fhaisnéis sin a chur ar fáil freisin. Cuirfear an fhaisnéis ar fáil san fhormáid is iomchuí. Agus an fhaisnéis seo á cur ar fáil, tabharfar aird ar leith ar na riachtanais atá ag daoine faoi mhíchumas agus ag daoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe.

2. Déanfaidh iompróirí agus comhlachtaí bainistíochta na gcalafort a áirithiú go bhfuil faisnéis maidir le cearta paisinéirí faoin Rialachán seo ar fáil go poiblí ar bord loinge agus ag calafoirt araon. Cuimseoidh an fhaisnéis seo sonraí teagmhála an chomhlachta forfheidhmithe arna ainmniú ag an mBallstát de bhun Airteagal 26(1).

Airteagal 25

Gearáin

1. Déanfaidh iompróirí meicníocht a bhunú chun gearáin a láimhseáil i gcomhair na gceart agus na n-oibleagáidí arna gclúdach ag an Rialachán seo.
2. Féadfaidh paisinéirí gearán a chur isteach chuig iompróir laistigh de mhí amháin ón lá ar feidhmíodh seirbhís nó ar chóir seirbhís a fheidhmiú. Laistigh de 20 lá oibre, tabharfaidh seolaí gearáin tuairim réasúnaithe uaidh nó, i gcásanna a bhfuil údar cuí leis, cuirfidh sé in iúl don phaisinéir an dáta faoina mbeidh súil le freagra a fháil. Ní thógfaidh sé níos mó ná dhá mhí chun freagra a thabhairt tar éis an gearán a fháil.
3. Mura bhfaightear freagra laistigh de na teorainneacha ama a leagtar síos i mír 2, measfar go bhfuil glactha leis an ngearán.

Caibidil V

Forfheidhmiú agus comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

Airteagal 26

Comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta

1. Ainmneoidh gach Ballstát comhlacht nó comhlachtaí a bheidh freagrach as an Rialachán seo a fhorfheidhmiú. Déanfaidh gach comhlacht na bearta is gá chun a áirithiú go ndéanfar cearta paisinéirí a urramú, lena n-áirítear go bhfuiltear ag cloí leis na rialacha inrochtaine dá dtagraítear in Airteagal 8. Beidh gach comhlacht neamhspleách ar iompróirí, ó thaobh eagrúcháin, cinntí maoinithe, struchtúir dhlíthiúil agus cinnteoireachta de.
2. Cuirfidh Ballstáit an comhlacht arna ainmniú nó na comhlachtaí arna n-ainmniú i gcomhréir leis an Airteagal seo agus a bhfreagrachtaí faoi seach in iúl don Choimisiún.
3. Féadfaidh paisinéir ar bith gearán a dhéanamh leis an gcomhlacht cuí arna ainmniú faoi mhír 1, nó le comhlacht cuí ar bith eile arna ainmniú ag Ballstát, maidir le sárú líomhnaithe ar an Rialachán seo.
4. Déanfaidh Ballstáit a roghnaigh seirbhísí áirithe a eisiáimh de bhun Airteagal 2(2) meicníocht inchomparáide a áirithiú chun cearta paisinéirí a fhorfheidhmiú.

Airteagal 27

Tuarascáil ar fhorfheidhmiú

1. An 1 Meitheamh gach bliain déanfaidh na comhlachtaí forfheidhmithe arna n-ainmniú de bhun Airteagal 26 tuarascáil a fhoilsiú ar a gcuid gníomhaíochtaí sa bhliain roimhe sin, ina gcuimseofar *inter alia*:

- (a) cur síos ar na bearta a rinneadh chun forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme,
 - (b) tagairt don nós imeachta is infheidhme maidir le gearáin aonair a réiteach,
 - (c) achoimre ar rialacha inrochtaine do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe is infheidhme sa Bhallstát sin;
 - (d) sonraí comhshuimithe maidir le gearáin;
 - (e) sonraí faoi na smachtbhannaí a cuireadh i bhfeidhm;
 - (f) ceisteanna eile a bhfuil tábhacht leo maidir le forfheidhmiú níos fearr an Rialachán seo.
2. Ionas go mbeidh comhlachtaí forfheidhmithe in ann tuairisc den sórt sin a dhréachtú, coinneoidh siad staitisticí faoi ghearáin aonair, de réir ábhair agus de réir na gcuideachtaí lena mbaineann. Cuirfear sonraí den sórt sin ar fáil don Choimisiún nó do na húdaráis imscrúdaitheacha náisiúnta arna iarraidh sin suas le trí bliana i ndiaidh dháta an teagmhais.

Airteagal 28

Comhar idir comhlachtaí forfheidhmithe

Déanfaidh comhlachtaí forfheidhmithe náisiúnta arna n-ainmniú de bhun Airteagal 26(1) faisnéis a mhalartú maidir lena gcuid oibre agus a bprionsabail agus a gcleachtais cinnteoireachta ar mhaithe le cosaint chomhsheasmhach a thabhairt do phaisinéirí ar fud an Chomhphobail. Tabharfaidh an Coimisiún tacaíocht dóibh sa chúram seo.

Airteagal 29

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha a bhaineann leis na pionóis is infheidhme maidir le sárúithe ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad gach beart is gá lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad. Caithfidh na pionóis a leagfar síos a bheith éifeachtúil, comhréireach agus athchomhairleach. Cuirfidh na Ballstáit na forálacha sin in iúl don Choimisiún agus cuirfidh siad aon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh in iúl dó gan mhoill.

Caibidil VI

Forálacha Críochnaitheacha

Airteagal 30

Tuarascáil

Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle trí bliana ar a dhéanaí tar éis don Rialachán seo teacht i bhfeidhm ar oibriú agus ar iarmhairtí an Rialacháin seo. Beidh tograí reachtacha ag gabháil leis an tuairisc, nuair is gá, chun forálacha an Rialacháin seo a chur chun feidhme ar shlí níos mionsonraithe, nó chun an Rialachán a leasú.

Airteagal 31

Leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 cuirtear an pointe [19] seo a leanas isteach:

"19. Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an [...] maidir le cearta paisinéirí agus iad ag taisteal ar muir agus ar uiscebhealaí intíre agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2006/2004 maidir le comhar idir údaráis náisiúnta atá freagrach as dlíthe cosanta tomhaltóirí a fhorfheidhmiú²¹"

Airteagal 32

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar an bhfichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ó [dhá bhliain] i ndiaidh a fhoilsithe. Beidh feidhm ag Airteagail 6, 7, 25, 26 agus 29 ó [bliain amháin] i ndiaidh a fhoilsithe.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an [...]

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa,
An tUachtarán
[...]*

*Thar ceann na Comhairle,
An tUachtarán
[...]*

²¹ IO C [...], [...], lch. [...].

IARSCRÍBHINN I

Ceart chun aisíocaíochta nó turais mhalartaigh i gcás réamháirithinte do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe

1. I gcás ina ndéantar tagairt don Iarscríbhinn seo, déanfar rogha a thairiscint do dhaoine faoi mhíchumas agus do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe idir na roghanna seo a leanas:

(a) - aisíocaíocht laistigh de sheacht lá, a íocfar in airgead tirim, trí aistriú bainc leictreonach, orduithe bainc nó seiceanna bainc nó, le comhaontú sínithe an phaisinéara, ar chostas iomlán an ticéid ag an bpraghas a íocadh air, don chuid nó do na codanna den turas nár taistilíodh, agus don chuid nó do na codanna a taistilíodh cheana féin más rud é nach bhfuil cuspóir ar bith leis an turas a thuilleadh i leith plean taistil bunaidh an phaisinéara, móide, nuair is iomchuí,

- turas fillte chuig an gcéad phointe imeachta, a luaithe agus is féidir; nó

(b) turas malartach, faoi choinníollacha iompair inchomparáide, chuig a gceann scríbe deiridh a luaithe agus is féidir; nó

(c) turas malartach, faoi choinníollacha iompair inchomparáide, chuig a gceann scríbe deiridh ar dháta níos déanaí ar chaoithiúlacht an phaisinéara, faoi réir ticéid a bheith ar fáil.

2. Beidh feidhm le mír 1(a) freisin maidir le paisinéirí a bhfuil a dturais mar chuid de phacáiste, ach amháin an ceart aisíocaíochta i gcás go dtagann ceart den sórt sin chun cinn faoi Threoir 90/314/CEE²².

3. Más rud é, i gcás go ndéantar freastal ar bhaile, ar chathair nó ar réigiún trí roinnt calafort éagsúil, go ndéanann iompróir ionadaíoch turas a thairiscint do phaisinéir chuig calafort nach é an calafort lena mbaineann an áirithint, is ar an iompróir ionadaíoch a bheidh an costas chun an paisinéir a aistriú ón gcalafort malartach sin chuig an gcalafort lena mbaineann an áirithint, nó chuig ceann scríbe eile in aice láimhe le comhaontú an phaisinéara.

²² IO L 158, 23.6.1999, lch. 55.

IARSCRÍBHINN II

Cúnamh i gcalafoirt

Cúnamh agus socruithe is gá le cur ar chumas daoine faoi mhíchumas agus daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe:

- a chur in iúl gur bhain siad calafort amach agus iarraidh ar chúnamh a dhéanamh,
- dul ó phointe iontrála chuig an gcuntar cláraithe, más ann dó, nó chuig an long,
- seiceáil isteach agus bagáiste a chlárú, más gá,
- dul ón gcuntar cláraithe (más ann dó) chuig an long, agus nósanna imeachta eisimirce, custaim agus slándála a chur i gcrích,
- dul ar bord na loinge, agus ardaitheoirí, cathaoireacha rothaí nó cúnamh eile atá ag teastáil a sholáthar, de réir mar is cuí,
- dul ó dhoras na loinge chuig a suíocháin/limistéar,
- bagáiste a stóráil agus a fháil ar ais ar an long,
- dul óna suíocháin chuig doras na loinge,
- an long a dhíbhordáil, agus ardaitheoirí, cathaoireacha rothaí nó cúnamh eile atá ag teastáil a sholáthar, de réir mar is cuí,
- bagáiste a fháil ar ais (más gá), agus nósanna imeachta inimirce agus custaim a chur i gcrích,
- dul ó halla an bhagáiste nó ón bpointe díbhordála chuig pointe ainmnithe chun dul amach,
- a mbealach a dhéanamh chuig áiseanna leithris má theastaíonn sé sin.

I gcás go bhfuil duine i dtionlacan an duine faoi mhíchumas nó an daoine a bhfuil a shoghluaisteacht laghdaithe chun cúnamh a thabhairt dó, caithfear ligean don duine sin, arna iarraidh sin, an cúnamh is gá a sholáthar sa chalafort agus le linn bordála agus díbhordála.

An trealamh gluaiseachta ar fad is gá a láimhseáil, lena n-áirítear trealamh amhail cathaoireacha rothaí leictreacha.

Trealamh eile a chur in ionad trealaimh ghluaiseachta a ndearnadh damáiste dó nó a chuaigh amú, cé nach gá i gcónaí go mbeadh an trealamh ionadach díreach mar an gcéanna.

Ainmhithe cunta aitheanta a láimhseáil ar an talamh, nuair is iomchuí.

Faisnéis a theastaíonn i gcomhair bordála agus díbhordála a chur in iúl i bhformáidí inrochtana.

IARSCRÍBHINN III

Cúnamh ar bord loinge

Ainmhithe cúnta aitheanta a iompar ar an long, faoi réir rialachán náisiúnta.

Suas le dhá phíosá trealamh ghluaiseachta a iompar in aghaidh gach duine faoi seach atá faoi mhíchumas nó a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe, lena n-áirítear cathaoireacha rothaí leictreacha, anuas ar threalamh leighis.

Faisnéis riachtanach a bhaineann le bealach a chur in iúl i bhformáidí inrochtana.

Gach iarracht réasúnach a dhéanamh chun suíocháin a shocrú chun riachtanais daoine aonair atá faoi mhíchumas nó a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe a chomhlíonadh ar iarraidh agus faoi réir ceanglas sábháilteachta agus ceanglas infhaighteachta.

Cúnamh chun bogadh chuig áiseanna leithris, má theastaíonn sin.

I gcás go bhfuil duine i dtionlacan an duine faoi mhíchumas nó an daoine a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe chun cúnamh a thabhairt dó, déanfaidh an chuideachta loingseoireachta gach iarracht réasúnach chun suíochán a thabhairt don duine sin in aice leis an duine faoi mhíchumas nó an duine a bhfuil a shoghluasteacht laghdaithe.

IARSCRÍBHINN IV

Oiliúint a bhaineann le míchumas

Oiliúint ar fheasacht mhíchumais

Cuimsíonn oiliúint na mball foirne a bhíonn ag plé go díreach leis an bpobal atá ag taisteal:

- feasacht agus freagairtí iomchuí ar phaisinéirí a bhfuil míchumas coirp, míchumas céadfach (éisteachta agus amhairc), míchumas folaithe nó míchumas foghlama ag dul dóibh, lena n-áirítear conas idirdhealú a dhéanamh idir cumas éagsúil na ndaoine aonair a bhféadfadh a soghluaisteacht, a dtreoshuíomh nó a gcumarsáid a bheith laghdaithe;
- na bacainní ar dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe, lena n-áirítear bacainní dearcadh, timpeallachta/táigiúla nó eagraíochtúla;
- ainmhithe cúnta aitheanta, lena n-áirítear ról agus riachtanais ainmhí chúnta;
- a bheith ag déileáil le teagmhais gan choinne;
- scileanna idirphearsanta agus modhanna cumarsáide le bodhair agus daoine lagéisteachta, daoine lagamhairc, daoine le hurlabhra lagaithe agus daoine a bhfuil míchumas foghlama ag dul dóibh;
- feasacht ghinearálta ar threoirlínte EMI a bhaineann leis an Moladh maidir le Dearadh agus Oibriú long paisinéirí ar mhaithe le freagairt do riachtanais daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas;
- cathaoireacha rothaí agus áiseanna gluaiseachta eile a láimhseáil go cúramach ionas nach ndéanfar damáiste dóibh (don fhoireann ar fad atá freagrach as bagáiste a láimhseáil más ann dóibh).

Oiliúint ar chúnamh míchumais

Cuimsíonn oiliúint na mball foirne a bhíonn ag tabhairt cúnamh go díreach do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht lagaithe:

- conas cabhrú le lucht úsáide cathaoireacha rothaí aistriú isteach agus amach as cathaoir rothaí;
- scileanna chun cúnamh a sholáthar do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe atá ag taisteal le hainmhí cúnta aitheanta, lena n-áirítear ról agus riachtanais na n-ainmhithe sin;
- teicnící chun paisinéirí dalla agus paisinéirí caocha a thionlacan agus chun ainmhithe cúnta aitheanta a láimhseáil agus a iompar;
- tuiscint ar na cineálacha trealamh atá in ann cúnamh a thabhairt do dhaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe agus eolas faoin gcaoi le trealamh mar sin a láimhseáil;
- úsáid a bhaint as an trealamh cúnta bordála agus díbhordála a úsáidtear agus eolas faoi na nósanna imeachta iomchuí do chúnamh bordála agus díbhordála a dhéanann sábháilteacht agus dínit na ndaoine a bhfuil a soghluaisteacht laghdaithe a choimirciú;
- tuiscint sách maith ar an ngá atá le cúnamh iontaofa gairmiúil. A bheith feasach freisin go bhféadfadh paisinéirí áirithe atá faoi mhíchumas a bheith soghonta le linn dóibh a bheith ag taisteal toisc iad a bheith ag brath ar an gcúnamh a chuirtear ar fáil;
- eolas ar gharchabhair.